# RIALACHÁN (AE) 2016/2135 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Samhain 2016

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe i dtaca le bainistiú airgeadais i gcomhair Ballstáit áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) go bhfuil an Coimisiún chun scrúdú a dhéanamh ar an ardú ar íocaíochtaí eatramhacha ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa de réir méid a chomhfhreagraíonn do 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta chómhaoinithe iarbhír maidir le gach tosaíocht nó beart do na Ballstáit a bhí faoi chlár coigeartaithe tar éis an 21 Nollaig 2013 agus a d'iarr tairbhiú den ardú sin go dtí an 30 Meitheamh 2016 agus go bhfuil an Coimisiún le tuarascáil maille lena mheasúnú agus, más gá, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle roimh an 30 Meitheamh 2016. Chuir an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 27 Meitheamh 2016.

(2) Bhí cúig cinn de na Ballstáit incháilithe le haghaidh íocaíocht ardaithe faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, eadhon, an Rómáin, Éire, an Phortaingéil, an Chipir agus an Ghréig. Rinne an Rómáin, Éire, an Phortaingéil agus an Chipir a gcláir choigeartaithe eacnamaíocha faoi seach a thabhairt chun críche. Is í an Ghréig amháin atá fós faoi chlár coigeartaithe agus a bheidh ag tairbhiú de chúnamh airgeadais gaolmhar go dtí an tríú ráithe de 2018. Ós rud é go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha fós le sárú ag an nGréig i ndáil lena cobhsaíocht airgeadais, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse a ndéanfar íocaíochtaí ardaithe a chur i bhfeidhm lena linn i gcás Ballstáit a bhfuil deacrachtaí sealadacha buiséadacha acu.

(3) Ba cheart, áfach, deireadh a chur leis an bhféidearthacht maidir le híocaíocht ardaithe ar an 30 Meitheamh den bhliain i ndiaidh na bliana féilire a stadfaidh an Ballstát ar leith de chúnamh airgeadais a fháil faoi chlár coigeartaithe.

(4) Le hAirteagal 120(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an mbonn cirt atá le huasráta cómhaoinithe 85 % a choinneáil ar leibhéal gach aise tosaíochta i gcomhair na gclár oibríochtúil go léir a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) sa Chipir tar éis an 30 Meitheamh 2017, agus togra reachtach a dhéanamh, más gá, roimh an 30 Meitheamh 2016.

(5) D'fhág an Chipir a clár coigeartaithe i Márta 2016. Mar sin féin, tá staid eacnamaíoch na Cipire fós leochaileach mar a léiríonn an ráta íseal fáis atá aici, infheistíocht atá ag meath, dífhostaíocht ard agus earnáil airgeadais atá faoi strus. Chun an brú ar an mbuiséad náisiúnta a mhaolú agus dlús a chur le hinfheistíochtaí a bhfuil géarghá leo, ba cheart ráta cómhaoinithe 85 % do na cláir oibríochtúla go léir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ó CSE sa Chipir a shíneadh go dtí an tráth a dhúnfar an chláir oibríochtúil.

([1]) Tuairim an 21 Meán Fómhair 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Samhain 2016.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

(6) D'fhonn go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

"*Airteagal 24*

**Ardú ar íocaíochtaí le haghaidh Ballstát a bhfuil deacrachtaí sealadacha buiséadacha aige**

1. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfar íocaíochtaí eatramhacha a ardú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta chómhaoinithe is infheidhme maidir le gach tosaíocht i gcás CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe nó maidir le gach beart i gcás CETFT agus CEMI.

Má chomhlíonann Ballstát ceann de na coinníollacha seo a leanas tar éis an 21 Nollaig 2013, beidh feidhm ag an ráta ardaithe, ráta nach bhféadfaidh a bheith os cionn 100 %, maidir lena iarratais ar íocaíocht don tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2016:

(a) i gcás ina bhfaighidh an Ballstát lena mbaineann iasacht ón Aontas faoi Rialachán (AE) Uimh. 407/2010;

(b) i gcás ina bhfaighidh an Ballstát lena mbaineann cúnamh airgeadais meántéarmach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 atá coinníollach ar chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch a chur chun feidhme;

(c) i gcás ina gcuirfear cúnamh airgeadais ar fáil don Bhallstát lena mbaineann faoi réir coinníoll maidir le clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a chur chun feidhme mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.

Má chomhlíonann Ballstát ceann de na coinníollacha a leagtar amach sa dara fomhír tar éis an 30 Meitheamh 2016, beidh feidhm ag an ráta ardaithe maidir lena iarratais ar íocaíocht don tréimhse go dtí an 30 Meitheamh den bhliain i ndiaidh na bliana féilire ar tháinig deireadh leis an gcúnamh airgeadais gaolmhar.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le cláir faoi Rialachán CCE.

2. D'ainneoin mhír 1, ní bheidh tacaíocht Aontais trí bhíthin íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí an iarmhéid deiridh níos airde ná:

(a) an caiteachas poiblí; nó

(b) uasmhéid na tacaíochta ó Chistí SIE le haghaidh gach ceann de na tosaíochtaí i gcás CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe, nó le haghaidh gach ceann de na bearta i gcás CETFT agus CEMI, mar a leagtar síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár,

cibé acu is ísle.";

(2) in Airteagal 120(3), cuirtear an méid seo leanas in ionad an dara fomhír:

"Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an tráth a dhúnfar an clár oibríochtúil, ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach aise tosaíochta i gcomhair na gclár oibríochtúil go léir sa Chipir níos airde ná 85 %.".

*Article 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Samhain 2016.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| M. SCHULZ | I. KORČOK |